


Cur Chuige Dífriúil d’Inchinn Dhífriúil

Treoir do Dhaltaí a bhfuil Siondróm Asperger orthu chun Cuspóirí Insroichte a Bhaint Amach

Veronica Leaney
MSc Oifig Oideachais agus Oiliúna
ASPIRE (Cumann Siondróm Asperger na hÉireann)

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) i bhfoirm ailt don Treoirleabhar Scoile



Clár na nÁbhar

Achoimre.....	3
Príomhfhocail.....	3
Réamhrá	4
Siondróm Asperger	5
Aistriú chuig an Meánscoil	7
Scrúduithe an Stáit	8
Roghanna Ábhair	8
An Idirbhliain	8
DARE.....	9
Iarratais CAO/Choláiste	10
Plé agus Conclúid	11
Tuilleadh eolais	11
Beathaisnéis	12
Buíochas	12
Tagairtí	13
Aguisíní	15
Aguisín1.....	15
Aguisín2.....	19
Aguisín3.....	20

Achoimre

Tá an t-alt seo beartaithe chun cabhair a thabhairt do Threoirchomhairleoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil Siondróm Asperger/ASD Leibhéal 1 orthu. Is é an chéad chéim ná tuiscint a fháil ar an riocht. Ní mór cuimhneamh freisin ar bhreathnóireacht an Ollaimh Stephen Shore in agallamh le Merely Me (scríbhneoir ar an suíomh gréasáin Health Central) “uair agus a bhuaileann tú le duine amháin a bhfuil uathachas air, bhuail tú le duine amháin a bhfuil uathachas air”. San alt seo, breathnaítear ar na céimeanna agus na roghanna éagsúla a bhaineann leis an mbealach tríd an gcóras oideachais dara leibhéal d'fhonn an t-ullmhúchán a leagan síos i gcomhair rannpháirtíocht rathúil a bhaint amach san oideachas tríú leibhéal nó ag an obair.

Príomhfhocail

Aistriú, obair, tacaíocht

Réamhrá

Leis na staitisticí arna soláthar ag an gCumann Uathachais Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe, léirítear pictiúr gruama maidir le hionchais fhostaíochta do dhaoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu. Léirítear nach bhfuil ach 16% de dhaoine fásta uathacha i bhfostaíocht lánaimseartha ar íocaíocht. Níl aon staitisticí coibhéiseacha againn do Phoblacht na hÉireann. Sa Ríocht Aontaithe, as gach cúigear mac léinn a fhágann an scoil ar diagnóisíodh go raibh Siondróm Asperger orthu, níl ach fíor-ionchas ag duine amháin acu go mbeidh sé/sí i bhfostaíocht lánaimseartha ar íocaíocht. Is deacair a shamhlú go bhfuil difríocht mhór idir staid na hÉireann agus staid na Ríochta Aontaithe

Tá sé léirithe ag taighde, nuair a leanann daoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu a gcuid paisean mar ghairm bheatha, tagann méadú mór ar an dóchúlacht go mbeidh toradh fadtéarmach rathúil acu. Tá deis ag treoirchomhairleoirí cabhrú le roghanna na ndaltaí a mhúnlú maidir leis na hábhair a ndéanann siad staidéar orthu, le cúrsaí a ndéantar iarratas orthu agus maidir le hullmhúchán don aistriú ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal agus/nó go dtí an t-ionad oibre. Ní mór obair na dtreoirchomhairleoirí, a bhíonn mar chúis le torthaí rathúla don chuid is mó de dhaltaí, níos mó eolais a fháil maidir le daltaí a bhfuil Siondróm Asperger orthu. Luann gairmithe oideachais nach bhfuair cáilíochtaí breise acu san oideachas speisialta, go bhfuil easpa ábhair ann maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus go gcuireann sé bac ar an rannpháirtíocht is fearr a bhaint amach leis na daltaí seo. Is mór an chreidiúint don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas gur ghlac siad leis an tionscnamh chun faisnéis bhreise a sholáthar.

Siondróm Asperger

Tógtar an sainmhíniú míochaine ar Shiondróm Asperger thíos ó medicinenet.com.

“Siondróm Asperger: Neamhord uathachais, agus is minic gur díol suntais is ea an neamhréireacht mhór idir cumas intleachtúil agus sóisialta dóibh siúd a bhfuil an siondróm orthu.”

Is neamhord forleatach forbraíochta é Siondróm Asperge, agus sainghné is ea an neamhábaltacht a thuiscint conas idirghníomhú go sóisialta. I measc na ngnáthghnéithe den siondróm, d’fhéadfadh gluaiseachtaí mótaí ciotach agus neamh-chomhordaithe a bheith ann, chomh maith le lagú sóisialta le féinlárnacht mhór, spéiseanna teoranta agus tógtha le nithe neamhghnácha, gnáthaimh nó deasghnátha athchleachtacha, saothíúlacht urlabhra agus teanga, agus fadhbanna cumarsáide neamhbhriathartha.

Go hiondúil, is beag gothaí gnúise a bhíonn ar dhaoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu ("Aspies" mar a thugann go leor acu orthu féin) seachas fearg nó ainnise. Tá cuimhne ó mheabhair agus cumas ceoil den scoth ag an gcuid is mó acu, agus bíonn spéis mhór acu in ábhar amháin nó dhá ábhar (uaireanta gan spéis ar bith a bheith acu in ábhair eile). Is féidir leo labhairt ar feadh tamaill fhada faoin ábhar is fearr leo nó focal nó frása a rá arís agus arís eile. Is iondúil go mbíonn daoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu "ina ndomhan féin" agus go mbíonn siad sáite ina gcuid cúrsaí féin.

Is minic a thosaíonn an Siondróm Asperger tar éis dóibh 3 bliana d'aois a shroicheadh. D’fhéadfadh diagnóis de Shiondróm Asperger a chur ar roinnt daoine a thaispeánann gnéithe d'uathachas (neamhord inchinne forbraíochta agus sainghné is ea an lagú ar a gcuid scileanna cumarsáide agus idirghníomhú sóisialta) ach a bhfuil scileanna teanga dea-fhorbartha acu.

Níl aon chúrsa cóireála ná leigheas sonracha ann do Shiondróm Asperger. D’fhéadfadh idirghabhálacha síceasóisialta agus sícea-chógaseolaíochra araon a bheith i gceist sa chóireáil, cóireáil atá siomptómach agus athshlánúchán, mar shampla síciteiripe, oideachas agus oiliúint

tuismitheora, modhnú iompraíochta, oiliúint ar scileanna sóisialta, idirghabhálacha oideachais, agus/nó cógais lena n-áirítear síceaspreagthaigh, cobhsaitheoirí giúmair, bacadóirí béite agus frithdhúlagraín thrífháinneacha.

Tá dearcadh níos fearr ag leanaí a bhfuil Siondróm Asperger orthu ná acu siúd a bhfuil cineálacha eile neamhoird fhorleatacha forbraíochta acu agus is dóichí go bhfásfaidh siad suas mar dhaoine fásta a fheidhmeoidh ar shlí neamhspleách. Mar sin féin, i bhformhór na gcásanna, leanfaidh na daoine seo ar aghaidh ag léiriú, go pointe áirithe, corraíolacha caolchúiseacha maidir le hidirghníomhaíochtaí sóisialta. Chomh maith leis sin, tá baol méadaithe ann d'fhorbairt síocóis (neamhord meabhrach) agus/nó fadhbanna giúmar amhail dúlagar agus inní nuair a bhíonn siad níos sine.

Ainmníodh an siondróm i ndiaidh Hans Asperger a d'fhoilsigh páipéar i 1944 inar thug sé cur síos ar phatrún iompair i roinnt buachaillí óga a raibh gnáthfhorbairt faisnéise agus teanga acu, ach a raibh iompraíocht cosúil le huathachas á léiriú acu. Ba phéidiatraí ceannródaíoch san Ostair é Hans Asperger (1906-1980). Bhí sé i gceannas ar an stáisiún spraoi-oideolaíoch ag clinic leanaí na hollscoile i Vín i 1932 agus rinneadh stiúrthóir de chlinic na leanaí de i 1946. Bhí spéis ar leith aige i "leanaí a bhí neamhghnách ó thaobh fisiceach de".

I measc na réimsí a d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag daoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu, tá:

- Cumarsáid (briathartha agus neamhbhriathartha)
- Idirghníomhú sóisialta
- Solúbthacht smaoinimh agus iompair
- Bac
- Rialú mothúchán
- Iltascáil
- Aistrithe
- Féinmhonatóireacht
- Próiseáil chéadfach.

Aistriú

Is fadhbanna iad na haistrithe do dhaoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu agus, go deimhin, do go leor daltaí. Dá bhrí sin, ní mór an t-aistriú ó bhunscoil go meánscoil a bheith pleanáilte go han-chúramach. In Aguisín 1 tá doiciméad ar aistriú atá deartha do thuismitheoirí de dhaltaí a bhfuil Siondróm Asperger orthu ach d'fhéadfaí í a úsáid do gach dalta chomh maith. Tá sé inmhianaithe go mbeadh gach ball foirne a dhéileálann le daltaí a bheith ar an eolas faoi na straitéisí atá le húsáid chun aistriú réidh a bhaint amach. Tá seisiúin ionduchtaithe atá ullmhaithe go cúramach ag go leor scoileanna do dhaltaí nua. Ba chóir na difríochtaí a aithníodh maidir le daltaí a bhfuil an Siondróm Asperger orthu a choinneáil san áireamh agus ábhar ionduchtaithe á ullmhú dóibh. Is minic a bhíonn an bhéim ar na haistrithe móra, nuair a d'fhéadfadh na fadhbanna is mó a bheith i gceist leis na haistrithe beaga a bhíonn mar bhonn leis an aistriú mór. Ag dul ó rang amháin go rang eile, ag athrú éadaí do chorpoideachas agus ag an trealamh cuí a bheith acu le haghaidh ábhar praiticiúil (is samplaí iad seo de dheacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn do dhaltaí). Is cabhair mhór maidir le haistrithe iad na háiseanna amhairc, ar nós mapaí den scoil, leabhair agus amchláir chódaithe le dathanna agus teicnící eile mar atá leagtha amach sa taighde le David Cihak.

Scrúduithe an Stáit

Ní mór tús a chur leis na hullmhúcháin do Scrúduithe an Stáit ag tús an dara leibhéal. Má tá dalta chun socrúithe cóiríochta réasúnta a fháil ba chóir iad seo a chur i bhfeidhm / cur chun feidhme ón gcéad scrúdú ag deireadh an téarma. Ní féidir glacadh leis go dteastóidh socrúithe ó dhaltá nó go dtuigfidh sé an chúis atá léi agus caithfear é seo a mhíniú dó. D'fhéadfaí a mhíniú, mar shampla, go bhfuil an t-am breise ann chun sosanna gluaiseachta a cheadú, go mbaintear úsáid as an ríomhaire glúine ionas nach bhfaigheann na lámha tinn, cuirtear an tionad ar leith ar fáil ionas nach dtarraingeofar aird an dalta leis an soilsiú, fuaimeanna nó boladh sa phríomhionad.

Roghanna Ábhair

Beidh ar dhaltá a bhfuil Siondróm Asperger orthu gach páirt den ábhar a thuiscint. Ní féidir glacadh leis go bhfuil a fhios acu go bhféadfadh scrúdú béil a bheith i gceist le staidéar teanga. Ba chóir gach riachtanas i ngach ábhar a phlé lena chinntiú go dtuigeann an dalta an raon iomlán staidéir a theastaíonn ionas go n-éireoidh leo in ábhar.

Cabhróidh áiseanna amhairc le méid agus le spriocdhátaí an ábhair araon. D'fhéadfaí mapaí intinne d'inneachar an ábhair a fhorbairt ag baint úsáide as feidhmchlár ar nós popplet (<http://popplet.com/>). Is féidir Popplet a íoslódáil saor in aisce, agus ar tháille bheag is féidir leagan feabhsaithe a fháil a thugann rochtain ar popplet de dhaoine eile ionas nach gcaithfidh an-dalta tosú ón dtús do gach ábhar. D'fhéadfadh físeáin You Tube a léiríonn gnéithe de na hábhair eolaíochta a úsáideann samhlaíochta Prentice Hall, a bheith úsáideach.

An Idirbhliain

Is deis uathúil í an Idirbhliain do gach scoláire chun scileanna saoil a fháil trí thaithí oibre. I gcás daltaí a bhfuil Siondróm Asperger orthu a bhfuil go leor gnéithe de choinbhinsiún sóisialta ina mistéir dóibh, beidh gá le hullmhúchán cúramach den dalta agus den fhostóir, chun a chinntiú go n-éireoidh leis an socrúchán. In Aguisín 2, cuimsítear Treoir d'Fhostóirí. Tá go leor scríofa ag Temple Grandin maidir le luach na hoibre oiriúnaí do dhaoine a bhfuil uathachas orthu. Tá an Dochtúir Grandin den tuairim, “ go gcailleann an tsochaí mura bhfuil daoine, a bhfuil Neamhord sa Speictream Uathachais orthu, páirteach i saol na hoibre”. Tacaíonn sí leis an tuairim seo agus le tuairimí eile faoi chóras oideachais na hÉireann in alt a foilsíodh ar shuíomh gréasáin IMPACT i 2017. ¹

B'fhéidir go mbeadh gá le hullmhúchán breise don dalta a bhfuil Siondróm Asperger air. B'fhéidir go gcaithfear treoir a thabhairt don dalta maidir le héadaí oiriúnacha do thimpeallacht oibre ar leith, beidh sé riachtanach a leibhéal scileanna taistil neamhspleácha a fháil amach agus b'fhéidir go mbeadh ar thuismitheoirí an ghné thaistil agus coimeád ama a chleachtadh go dtí suíomh na hoibre agus ó shuíomh na hoibre araon. D'fhéadfadh am lóin a bheith ina fhadhb toisc nach bhfuil na scileanna sóisialta ag an dalta chun a fháil amach cad iad na socrúithe lóin sa suíomh. Má chuirtear daltaí nach bhfuil lón ullmhaithe acu i dtimpeallacht oibre gan aon rogha seachas a mbia féin a thabhairt leo, ní dócha go bhfillfidh siad ar an obair tar éis an chéad lá. Cinnfidh siad go gciallaíonn sé nach mbíonn lón agat nuair a théann tú ag obair. D'fhéadfaí smaoineamh go bhfuil sé seo seafóideach. Mar sin féin, rinne Baron-Cohen (2000) agus Vermeulen (2013) taighde fairsing ar “Teoiric Intinne/Theory of Mind” agus “Neamhaird Chomhthéacs/Context Blindness” faoi seach agus nascann sé seo leis an dolúbthacht smaoinimh agus iompair atá mar bhunús leis an riocht. Baineann Teoiric Intinne leis an gcumas go mbraitheann daoine cásanna éagsúil ar bhealach difriúil. Is fearr a mhínítear neamhaird chomhthéacs le sampla. Scuabann duine, a bhfuil Siondróm Asperger air, a chuid gruaige agus é ag féachaint air féin i scáthán. Ní scuabann sé ach a chuid gruaige atá ag an tosach toisc nach bhfeiceann sé ach an pháirt sin sa scáthán. Ní tharlaíonn sé dó go mbreathnaítear ar dhaoine ó gach uillinn.

DARE

D'fhéadfaí DARE ([Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas](#)) a bheith deacair do dhalta a thuiscint. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar dhuine glacadh leis gur míchumas é an coincheap Uathachais ós rud é gur cuid dhílis díobh féin é an Siondróm Asperger. Mura bhfeiceann dalta air féin mar dhalta atá faoi mhíchumas, cén fáth a lorgófaí cóiríocht? Is féidir leis an mbealach ina gcuirtear an próiseas DARE i láthair a bheith ríthábhachtach don dalta an t-iarratas a chomhlánú. D'fhéadfadh dalta a bhfuil tallann iontach spóirt aige scoláireacht spóirt a fháil chun a dtáillí tríú leibhéal a chlúdach. Tá na daltaí sin ag treisiú na tallainne a rugadh iad leo. Ar an gcaoi chéanna, cabhraíonn an scéim DARE le daltaí a rugadh le hUathachas an leas is fearr a bhaint as a gcuid buanna trí roinnt constaicí a bhaint as a mbealach.

¹<http://www.impact.ie/inspirational-temple-grandin-points-to-need-for-investment-in-irish-special-needs-education/>

Tugann DARE an deis do mhic léinn faoi mhíchumas rochtain a fháil ar chúrsaí ag pointí níos ísle ná iad siúd atá léirithe ag an Lár-Oifig Iontrála. Mura mbíonn na pointí laghdaithe ag teastáil ón dalta cuirfidh DARE in iúl chuig an institiúid thrú leibhéal gur dalta é/í a bhféadfadh socrúithe a bheith de dhíth air. Tá maoiniú ar fáil do dhaltáí ón ÚAO (an tÚdarás um Ard-Oideachas) ar féidir a úsáid le haghaidh teicneolaíocht oiriúnaitheach m.sh. ríomhaire glúine agus is féidir teacht air seo tríd an tSeirbhís Mhíchumais san institiúid thrú leibhéal.

Iarratais Lár-Oifig Iontrála/Choláiste

Sula ndéantar aon rogha maidir le cúrsa, ní mór roinnt rudaí a chur san áireamh. Ina measc, tá leibhéal scileanna taistil neamhspleácha an dalta agus infhaighteacht tacaíochta sna hinstitiúidí thrú leibhéal. Tá seicliosta in Aguisín 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun faisnéis a bhailiú. Ba cheart go gcabhródh an seicliosta le hinstitiúidí oiriúnacha thrú leibhéal a aithint. D'fhéadfadh timpeallacht oiriúnach a bheith ríthábhachtach do rath a bhaint amach sa thrú leibhéal.

Ní mór roghnú na roghanna cúrsa don thrú leibhéal a dhéanamh ar leibhéal fóiréinseach. Is é seo an cur chuige a ghlacfaidh formhór na ngairmithe le gach dalta ach is féidir le réimse staidéir an-bheag a bheith ina chonstaic do dhuine a bhfuil Siondróm Asperger air/uirthi. Ní leor breathnú ar riachtanais iontrála agus an dóchúlacht go mbainfeadh an dalta é sin amach. D'fhéadfadh ábhar an chúrsa a bheith i bhfad níos leithne agus go mbeidh socrúchán oibre agus tascanna ann nach ndearna an dalta machnamh air.

Is í an aidhm dheiridh ná go rachaidh an mac léinn isteach san fhórsa saothair. D'fhéadfadh sé a bheith stuama, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar na roghanna gairme a bheidh ar fáil do chéimithe de chúrsaí áirithe. D'aithin Lorenz et al (2016) trí phríomhchatagóir de bhacainní ar fhostaíocht “sóisialta, foirmiúlacht agus éileamh poist”. Tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil dhá chuid i gceist sa réiteach ar na bacainní seo “féinréiteach agus cúnamh seachtrach”. Beidh ar an dalta breathnú ar na réimsí a sainaitníodh thuas agus ar an ionad oibre a roghnófar agus féachaint cén áit ar féidir leo réiteach a fháil agus an áit a mbeidh tacaíocht de dhíth orthu. Má theastaíonn cabhair sheachtrach shuntasach uathu ansin beidh orthu a fháil amach an bhféadtar an chabhair sin a fháil. Cuireann Specialisterne Ireland daoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu i gcuideachtaí áit ina dtugann an fostóir agus Specialisterne tacaíocht dóibh. Oibríonn AHEAD le céimithe atá faoi mhíchumas chun cabhrú leo fostaíocht a fháil.

Plé agus Conclúid.

Is neamhord forleatach forbraíochta a mhaireann ar feadh an tsaoil é an Siondróm Asperger. Teastaíonn tacaíocht ar feadh an tsaoil ó riochtaí a mhaireann ar feadh an tsaoil. Athraíonn an méid tacaíochta a theastaíonn ó dhuine go duine agus ó chás go cás. Tar éis dóibh a aithint go bhfuil aistriú ar cheann de na dúshláin mhóra atá ann do dhaoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí tacaíocht bhreise agus chuí nuair a tharlaíonn mórathrú. D'fhéadfadh meantóir piara a bheith i gceist anseo, nó tacaíocht ó mhúinteoir a bhfuil caidreamh maith ag an dalta leis, chomh maith le tacaíocht níos foirmiúla ó Mhúinteoirí Treoracha, Múinteoirí Oideachais Speisialta agus ó Mhúinteoirí Acmhainne.

Tuilleadh eolais

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le huathachas agus aistriú:

<http://www.autism.org.uk/about/transition.aspx>

Alt maidir le haistriú rathúil go dtí an coláiste:

https://journals.lww.com/topicsinlanguagedisorders/Abstract/2011/07000/Perspectives_on_Support_Needs_of_Individuals_With.8.aspx

Alt maidir le rath a bhaint amach sa mheánscoil:

<http://ro.uow.edu.au/cgi/viewcontent.cgi?article=2139&context=edupapers>

<http://www.specialisterne.ie/>

<https://www.ahead.ie/>

Beathaisnéis

Is Oifigeach Oideachais agus Oiliúna le Aspire (Cumann Siondróm Asperger na hÉireann) í Veronica Leaney. Tá sí ag obair leis an gCumann ar feadh 8 mbliana i ról éagsúla.

Cuireann Veronica oiliúint ar fáil do thuismitheoirí agus do ghairmithe maidir leis an riocht agus labhair sí ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá Máistreacht san Eolaíocht aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus, sular thosaigh sí ag obair le Aspire, bhí 10 mbliana de thaithí oiliúna aici sa timpeallacht chorparáideach.

Buíochas

Buíochas le mo chomhghleacaithe in Aspire as an méid a chuir siad leis na hAguisíní.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Seán Leaney a bhí a thaithí féin ar Shiondróm Asperger thar a bheith luachmhar don alt seo.

Tagairtí

2016-10-27 - Government must tackle the autism employment gap. (*Ní mór don Rialtas dul i ngleic leis an mbearna fostaíochta uathachais.*) (n.d.). Faighte 23 Eanáir, 2018, ó <http://www.autism.org.uk/get-involved/media-centre/news/2016-10-27-fostaíochtbearna.aspx> . Arna fhoilsiú ar Láithreán Gréasáin an Chumainn Uathachais Náisiúnta.

Baron-Cohen, S. (2000). Theory of mind and autism: A review. *Autism International Review of Research in Mental Retardation*, 169-184. doi:10.1016/s0074-7750(00)80010-5

Cihak, D. F., & Ayres, K. M. (2010). Comparing pictorial and video-modeling activity schedules during transitions for students with autism spectrum disorders. *Research in Autism Spectrum Disorders*, 4(4), 763-771. doi:10.1016/j.rasd.2010.01.017

Grandin, T., & Duffy, K. (2008). *Developing talents careers for individuals with Asperger's syndrome and high-functioning autism*. Shawnee Mission, KS: Autism Asperger's Pub. Co.

Impact Trade Union. (2018). *Inspirational Temple Grandin points to need for investment in Irish special needs education - Impact Trade Union*. [ar líne] Ar fáil ar: <http://www.impact.ie/inspirational-temple-grandin-points-to-need-for-investment-in-irish-special-needs-education/> [Accessed 15 May 2018].

Lorenz, T., Frischling, C., Cuadros, R. agus Heinitz, K. (2018). *Autism and Overcoming Job Barriers: Comparing Job-Related Barriers and Possible Solutions in and outside of Autism-Specific Employment*. [ar líne] Ar fáil ar: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC4713226/> [Accessed 17 May 2018].
MedicineNet. (2018). *Sainmhíniú ar shiondróm Asperger* . [ar líne] Ar fáil ar: <https://www.medicinenet.com/script/main/art.asp?articlekey=9675> [Accessed 15 May 2018]

Merely, Me. (2009, Aibreán 19). Mí Feasachta Uathachais: Agallamh le Stephen Shore - Uathachas - ADHD | HealthCentral. Faighte 22 Eanáir, 2018, from <https://www.healthcentral.com/article/autism-awareness-month-interview-with-stephen-shore>

Vermeulen, P. (2013). Autism as context blindness: instructor manual. Shawnee Mission, Kan.: AAPC Pub.

Aguisíní

Aguisín 1 - Leideanna maidir le hAistriú chuig an Meánscoil

1. Roghnaigh an scoil go cúramach. D'fhéadfadh sé seo a bheith soiléir ach b'fhéidir nach ndearnadh do leanbh a dhiagnóisiú nuair a thosaigh sé ar bhunscoil. B'fhéidir nach mbeadh an meánscoil a roghnófa roimh an diagnóis ar an gceann is oiriúnaí don duine óg atá ann anois. Déan roinnt taighde agus déan iarracht do chuid roghanna a theorannú.

2. Téigh i dteagmháil leis an scoil maidir le diagnóis do linbh, le tuairiscí scoile agus le haon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith ábhartha i bhfad roimh an am. Ní bhíonn sé riamh ró-luath, ach is am réasúnach é tús rang a cúig. Tabharfaidh an dóigh a nglacann an scoil leat le linn cur chuige tosaigh léargas maith ar an gcaoi a bhfáiltítear roimh an duine óg agus an soláthar a dhéanfar dó le linn a chuid ama sa dara leibhéal.

3. Má tá daltaí eile a bhfuil an Siondróm Asperger orthu ag freastal ar an scoil atá roghnaithe agat, iarr orthu a gcur chuige ginearálta a leagan amach. Ba chóir go mbeadh an comhordaitheoir acmhainne, treoirchomhairleoir agus an príomhoide agus, más féidir, CRS i láthair ag an gcruinniú seo. Ba chóir duit iarracht a dhéanamh labhairt le thuismitheoirí de na daltaí sin chun a n-aiseolas a fháil. Tá an buntáiste acu ó thaobh breathnú siar agus taithe a bheith acu ar chultúr na scoile ar leith. 4. Nuair a bheidh tú sásta go bhfreastalóidh an duine óg ar scoil ar leith ba chóir duit iarraidh orthu cruinniú a eagrú leis an SENO. Ag an gcruinniú seo ba chóir do thuismitheoirí agus don scoil riachtanais an dalta a leagan amach agus gach cabhair atá ar fáil a lorg. Déan iarracht smaoineamh ar na hábhair a thógfá sa chéad bhliain de bharr go mbíonn claonadh ag na hábhair phraiticiúla amhail eolaíocht, adhmadóireacht, eacnamaíocht bhaile (rud ar bith a bhaineann le huirlisí nó teas) do lámh a neartú maidir le huaireanta CRS. Má bhíonn fadhbanna ag an mac léinn dalta lena lámhscríbhneoireacht, ba cheart labhairt faoi ríomhaire glúine ag an am seo. Beidh deimhniú scríofa de dhíth ort go bhfuil sé seo riachtanach don dalta - ní inmhianaithe ach riachtanach. Má fhreastalaíonn an duine óg ar Theiripeoir Saothair is iadsan an duine is oiriúnaí chun an riachtanas seo a fhianú.

5. Tóg deis ar bith a thagann chun cinn chun cleachtadh a thabhairt don duine óg ar an scoil nua. Freastal ar dhrámaí; laethanta oscailte, aontaí Nollag srl. Tabharfaidh sé seo deis dóibh muintearas a chothú sa timpeallacht nua.
6. Ba chóir go gcuirfí gach ball foirne; teagasc agus coimhdeacht ar an eolas faoin dalta nua agus faoin diagnóis atá air. Más é seo an chéad dalta a bhfuil Siondróm Asperger air a fhreastalóidh ar an scoil, ba chóir an scoil a spreagadh chun roinnt ama a dhéanamh le haghaidh oiliúint inseirbhíse. I measc na gcainteoirí d'fhéadfadh múinteoir agus/nó CRS ó scoil eile a bheith i láthair, an múinteoir atá ag an dalta faoi láthair agus / nó a CRS reatha, cainteoir as Aspire agus breathnú ar chuid de DVDanna Aspire nó orthu go léir.
7. Sula dtosaíonn tú ar scoil, ba chóir an dalta a chur in aithne don phríomhoide, don chomhordaitheoir acmhainne, don cheann bliana, don mhúinteoir foirne agus don CRS *. Céimníonn an chuid is mó de na scoileanna an teacht ar ais de na daltaí dara leibhéal agus mar sin tá an scoil ar oscailt sula dtéann na daltaí ar ais ar scoil. B'fhéidir go mbeadh an dalta in ann cuairt a thabhairt ar an scoil agus na seomraí ranga éagsúla a thaispeáint dó/di sula bhfillleann na daltaí eile.
8. B'fhéidir go mbeadh cairde ón mbunscoil ag dul ar aghaidh go dtí an meánscoil chéanna. Má tá, iarr ar dhuine amháin ar a laghad de na cairde seo a bheith curtha sa ghrúpáil ranga chéanna.
9. Iarr ar an CRS na hábhair éagsúla a chódú ag baint úsáide as dath, agus mar sin na leabhair a mheaitseáil le hamchlár na ndaltaí agus, más féidir, le mapa de sheomraí ranga. B'fhéidir nach mbeidh sé seo indéanta do gach seomra ranga ach is cinnte go n-oibreoidh sé i gcomhair seomraí sainiúla m.sh. saotharlanna eolaíochta.
10. Cás peann luaidhe agus míreanna eile dá leithéid a chur ar fáil don CRS, *m.sh.* foireann gheoiméadrach, eochracha taisceadán breise chun cásanna a sheachaint ina ndéanann an mac léinn dearmad ar “rudai”. Mar sin féin, ba cheart don CRS iarracht a dhéanamh an dalta a scaradh leis an nós seo le himeacht ama.
11. Cuir fillteán i mála scoile an scoláire le haghaidh cumarsáid amháin a dhéanamh ón

scoil. Arís eile, ba cheart don CRS freagracht tosaigh a ghlacadh chun a chinntiú go n-úsáidtear é seo ach ba chóir an dalta a scaradh leis seo le himeacht ama.

12. Mura dtaitneoidh clós na scoile leis an dalta ag am sosa, socraigh gur féidir leo suí áit éigin sa scoil. Ní mór gur limistéar poiblí é seo ionas nach mbeidh maoirseacht ar leith de dhíth orthu.

13. Iarr go gcuirtear ar an eolas an dalta faoi spás ‘socraithe síos’ cinnte roimh ré más gá. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé curtha in iúl go soiléir nach áit phionóis é seo ach dídean í an áit.

14. Déan cinnte go mbíonn tú i dteagmháil rialta leis an CRS agus, más féidir, go mbeidh uimhir théacs agat a d'fhéadfaí a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an CRS.

15. Má thagann aon athrú chun cinn sa bhaile nó i ngnáthamh an scoláire *m.sh.* clár nua Teiripe Shaothair, ba chóir an scoil a chur ar an eolas faoi. Ní féidir leis an scoil rudaí breise a chur san áireamh mura bhfuil an staid iomlán ar eolas.

16. Déan socrú, i gcás go ndéanfaidh an dalta dearmad ar a lón, go ndéanfaidh foireann an cheaintín é/í a éascú fiú mura bhfuil airgead tirim acu. Má tá drogall ar an scoil é seo a dhéanamh, d'fhéadfadh tuismitheoir/caomhnóir méid a ‘thaisceadh’ leis an gceaintín mar mhodh creidmheasa.

17. Má bhíonn deacracht ag an dalta a chuid/cuid éadaí a athrú don chorpoideachas sa tréimhse leithroinnte, socraigh go bhfágfaidh sé / sí an rang beagáinín roimh an am agus go mbeidh an cead aige chun teacht isteach déanach sa rang eile.

18. Coinnigh na línte cumarsáide leis an scoil oscailte agus socair i gcónaí. Má aimsíonn tú fhaisnéis bhreise *m.sh.* leabhair, físeáin You Tube nó acmhainní eile, cur na moltaí ar fáil don scoil.

19. Déan cinnte go n-ullmhaítear IEP don dalta agus go gcuirtear cóip ar fáil do

thuismitheoirí.

20. Má tá ríomhaire glúine ag an dalta ní gá dó/di é a thabhairt chun na scoile is féidir é a úsáid chun obair bhaile a ullmhú agus a chur isteach. Caithfear é seo a chomhaontú leis an scoil agus is dá rogha féin é.

21. Má thosaíonn an dalta ag streachailt le hobair bhaile, labhair leis an scoil, go háirithe más dóchúil go mbeadh sé mar chúis leis an duine óg aon ghníomhaíocht seach-churaclaim a thabhairt suas. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh a dhéanamh ar an spriocdháta chun obair bhaile a chur isteach do dhalta atá ag freastal ar dhráma *Aspire* ar an oíche Luain. Sa chás nach bhfuil rochtain ag dalta ar CRS ní mór tacaíochtaí cruthaitheacha a chur i bhfeidhm. Mar shampla, d'fhéadfaí a chur ina luí ar rúnaí scoile báúil a bheith ina choimeádaí ar an gcás peann luaidhe.

Aguisín 2 - Leideanna Praiticiúla chun Tacú le Fostaithe a bhfuil Siondróm Asperger orthu

1. Soláthair struchtúr agus gnáthamh.
2. Ba chóir ord agus intuarthacht a choinneáil agus, nuair is féidir é, ba chóir fógra a thabhairt, má bhíonn le hathrú le déanamh.
3. Déan iarracht a bheith soiléir agus cinntitheach. Tá meas ag daoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu ar chaint mhacánta.
4. Más rud é, mar shampla, go n-eagraíonn an fhoireann a gcuid sosanna féin, spreag an duine chun amanna agus tréimhsí a aontú, nó b'fhéidir go n-aimseoidh tú go ndéanann siad an iomarca oibre nó ní a dóthain.
5. Bíodh foighne agat. B'fhéidir go mbeidh ar dhaoine a bhfuil Siondróm Asperger orthu tascanna a chleachtadh níos minice ach, nuair a fhaigheann siad máistreacht orthu, is annamh a dhéantar dearmad orthu.
6. Spreag maoirseoirí foighne a bheith acu agus smaoinigh ar am a chaitear le fostaí a bhfuil Siondróm Asperger air mar infheistíocht.
7. Más gá duit a chur i gcuimhne d'fhostaí conas tasc a dhéanamh, cuirfear laghdú ar an bhfrustrachas le treoracha scríofa, siombailí nó grianghraif.

Aguisín 3 - Ag smaoineamh ar an trío leibhéal

1. An féidir leis an dalta cónaí as baile?
2. An bhfuil scileanna taistil neamhspleácha ag an dalta?
3. An féidir leis an dalta buiséadadh a láimhseáil?
4. An bhfuil seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas san institiúid tríú leibhéal?
5. An bhfuil sé deacair dul thart an champais?
6. An bhfuil saincheisteanna céadfacha ag an dalta?
7. Soláthraíonn clubanna agus cumainn deiseanna sóisialú a dhéanamh ach ní féidir leis an dalta leas a bhaint astu ach amháin má cheadaíonn a gcuid ama agus scileanna taistil é.